Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**7872/26**

**CO EUR-PREP 12**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 agus 19 Meitheamh 2026)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear iarrachtaí síochána, agus tacaíocht leanúnach an Aontais don Úcráin agus dá muintir.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

Pléifidh an Chomhairle Eorpach a bhfuil ag tarlú sa Mheánoirthear.

## III. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE

Beidh plé ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

## IV. DÚSHLÁIN EACNAMAÍOCHA DHOMHANDA

Breathnóidh an Chomhairle Eorpach ar na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a chur chun cinn sa chomhthéacs dúshlánach geo-eacnamaíoch.

Pléifidh an Chomhairle Eorpach saincheist na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha domhanda.

## V. COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar chlár oibre ullmhachta cosanta na hEorpa. Breathnóidh sí ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo agus cuirfidh sí treoir ar fáil de réir mar is gá.

## VI. AN IMIRCE

Breathnóidh an Chomhairle Eorpach ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na gconclúidí uaithi maidir leis an imirce.

## VII. DRUGAÍ AINDLEATHACHA

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le húsáid agus gáinneáil drugaí aindleathacha agus tabharfaidh sí treoir de réir mar is iomchuí chun straitéis chuimsitheach drugaí an Aontais a chur chun feidhme.

## VIII. AN SEIMEASTAR EORPACH

Iarrfar ar an gComhairle Eorpach na moltaí comhtháite tírshonracha a phlé ar bhonn nóta cothrománach, mar a phléigh an Chomhairle iad, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann clabhsúr a chur ar Sheimeastar Eorpach 2026.